

# SATH SHOIL

Luach € 2.00

## Coiste Céim Aniar



Bhí Cruinniú Ceann Bliana Choiste Céim Aniar in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh ar an Déardaoin, 6 Samhain agus seo thuas pictiúr den choiste úr. Atoghadh Aodh Mac Laifeartaigh mar Chathaoirleach, Máire Ní Chuilinn mar Rúnaí, Seán Mac Giolla Bhríde mar Chisteoir, Caoimhín Mac a'Bháird mar Leas-chathaoirleach agus Micheál Ó Dochartaigh mar Leas-rúnaí. Toghadh Peigí Ryder mar Leas-chisteoir agus toghadh Brídín Mhic Uiginn, Siún Uí Ghallachóir, Micheál Mac Aoidh agus Nuala Mhic Garbheith mar bhaill den choiste.

Seo an coiste a dhéanfas athbhreithniú ar chuid oibre Céim Aniar ag tús na bliana.

\* \* \* \*

# AN CLÁR

## IRIS Céim ANIAR

Coiste Stiúrtha Céim ANIAR	1
CLÁR	2
Daile na Deora (an chuid dheireanach)	3
Liachleachtóir na bliana san Astráil	6
Pléarāca ar an Ghleann Arṑ Cluain tSáileach sa tSean-am	7
Logainmneacha Ros ṑoil	8
Nósanna Báis & Fairí i Ros ṑoil	10
feadaimó	13
Coirnéal Thuathail	15
fógraí Céim ANIAR	16





## NA CLANNA eile i mBaile na Teora

An chéad teach eile a dtéann muid thairis ná teach Bridget Coyle. Is de bhunadh mhuintir Shus as Gort na Luchóg í Bridget, iníon le Micheál Shus. Bhí sí pósta ar Phaidí Coyle as an Raplach. Fuair Paidí bocht bás i Mí Márta anuraidh agus crothnaíonn muid uainn go mór é ón bhaile. Ní raibh a dhath a chuirfeadh an oiread aoibhneas agus bród ar Phaidí lena chuibhreann galánta prátaí. Tá dhá gharpháiste ina gcónaí le Bridget, Carla agus Tony agus is deas a nglór binn a chluinstin agus iad amuigh ag imirt sa chuibhreann.



*Paidí Coyle*



*An cuibhreann breá prátaí a bhí ag Paidí Coyle*

Téann muid ansin comh fada le teach Bhill. An duine deireanach den teaghlach a raibh cónaí orthu anseo ná Kitty agus fuair sise bás in 1979. Clann Mhic Giolla Bhríde a bhí anseo ag dul i bhfad siar, ach cheannaigh Bill é agus bhog sé isteach ann. B'as An Gleann do Bhill agus bhí sé pósta ar Madgie Bhán Nic Giolla Bhríde as Ailt a' Chaorthainn. Bhí clann acu agus ina measc bhí Kitty, Bidí, Maggie, Máire, Denis, Paidí, Madgie, Sarah agus Míicí. Bhí Sarah pósta ar fhear as An Fhrainc, fuair Míicí bás in 1935, fuair Denis bás in 1927 agus fuair Paidí bás in 1926. Cailleadh Máire in 1939 agus Bidí in 1968. Bhí Maggie pósta ar Andy Phádraig Mac Pháidín agus cearthar de theaghlach a bhí acusan, Bill, Danny, Paidí agus Rita. Fuair Danny bás i gCeanada cúpla bliain ó shin agus cailleadh Paidí níos luaithe i mbliana. Bhí Madgie Bhill pósta fá Shligeach agus tá sise



*Ar chúl sa phictiúr seo a ghlacadh sa bhliain 1951 tá: Ó chlé: 3ú - Fanny Bheag, 4ú - Sarah Bhrianaí, 5ú - fear céile Annie, 6ú - Annie, 8ú - Biddy Bhill, 9ú - Kitty Bhill.*

*Chun tosaigh ó chlé: 1ú - Barney Bhrianaí, 3ú - Paidí Bhrianaí, 4ú - John Bhrianaí.*

fosta ar shlí na fírinne.

Múinteoir scoile a bhí in seanBhill agus chaith sé tamall fada ag teagasc in seanscoil agus in scoil úr Mhíobhaigh. Deirtear gurbh aige a bhí an chéad charr sa pharóiste. Bhí siopa ag muintir Bhill fosta agus is iomáí uair a deachaigh mé soir chuig Kitty fá choinne Brandy Balls! Teach mór fá choinne imirt chártaí a bhí ann fosta, agus tharraingeodh go leor daoine air. Bhí range galánta sa chistineach ag Kitty agus í iontach mórtasach as an snas a bhí as! Nuair a bhíodh an humour maith uirthi, bhéarfadh sí cúpla milseán duit saor in aisce. Tá muintir Bhill uilig ar shlí na fírinne anois agus tá an teach ina theach saoire ag duine muinteartha dá gcuid, Pádraig Mac Pháidín, (mac le Pat Mór) a bhfuil cónaí air i gCeanada.

Roinnt bliantaí ó shin, cheannaigh Joe Bradley agus a bhean píosa talaimh ar an bhaile agus thóg siad teach breá air. Is de bhunadh mhuintir an taobh thiar do Joe agus a bhean agus caitheann siad an samhradh ina dteach.

Ar deireadh, tarann muid chomh fada le teach Bhrianaí. Bean dárbh ainm di Kit Sheoirse a bhí anseo ag tús an chéid seo caite. Rugadh í in 1837. Ba de chlann Mhic Dáibhead í fhéin agus bhí sí pósta ar fhear dárbh ainm dó Seoirse Ó Dochartaigh. Tháinig Brianaí Mac Lochlainn (Brianaí Brown) as Gort na Luchóg le cónaí ann, bhí Kit agus Brianaí muinteartha dá chéile. Fuair





*Brianai (Brown) i nGort na Trá i bhFánaid.*

sí bás in 1913. Bhí Brianai pósta tamall maith fan am seo ar Mhéadhbha Ní Fhrighil as Gort na Trá i bhFánaid. Deichniúr de theaghlach a bhí acu; Micheál, a fuair bás agus é ina leanbh beag, Máire, a bhí pósta i bhFánaid, Sarah, a bhí pósta ar Bhrianaí Beag Mac Giolla Cearra ar an Ard Bhán, James, a chaith an chuid is mó dá shaol i mBaile na Deora, John, a báitheadh in Sasana in 1955 agus é i gcabhlach na Breataine, Paidí, a chaith an chuid is



*Kitty, John agus Sarah Bhrianaí*

mó dá shaol i mBaile na Deora, Francey, a fuair bás agus gan é ach seacht mbliana, Kitty, a bhí pósta i nGleann Bharr, Annie, a bhí pósta i gContae Liatroma, agus Barney, a chaith an chuid is mó dá shaol in Coventry. Faoi mar a dúirt mé, bhí John i gcabhlach na Breataine agus achan áit a théadh sé fríd an domhain, chuireadh sé cárta poist 'na bhaile go Baile na Deora. Tugadh a chorp 'na bhaile go Baile na Deora nuair a báitheadh é agus is maith is



*Muintir Bhrianaí - Paidí, Annie, James agus Barney*

cúimhin liom an chónair luaidhe ar an tsráid ag tóin an tí agus Brianaí bocht ag sileadh na ndeor agus gan muid ábalta an chónair a oscailt le go bhfeicfeadh sé corp a mhic. Níor mhair Brianaí ró-fhada ina dhiaidh sin. Fuair bean Bhrianaí bás agus gan í ach ocht mbliana déag agus fiche d'aois ar Lá 'le Stiofáin in 1922. Ní raibh Barney, an mac ab óige, ach bliain amháin d'aois san am. Cuireadh í thíos in Reilig Mhíobhuí ar an lá a raibh Barney bliain d'aois. Ba mhór an t-ultach a bhí ag Brianai le hiompar. Ach, mór is mar a bhí ultach air, choinnigh sé a chlann uilig i gcuideachta a chéile. Bhí sé ag obair ar na bádaí "Zulu" a bhí ag



*James, Paidí, Kitty agus Barney Bhrianaí*

iascaireacht amach as Na Dúnaibh ag an am sin, agus ina dhiaidh sin, chaith sé cuid mhór ama ag iascaireacht gliomaigh le cúpla púnt a shaothrú lena theaghlach a choinneáil ina mbeatha. Tá an ghlún sin den teaghlach uilig marbh anois. Fuair Annie bás ar an 5ú lá de Dheireadh Fómhair seo agus í naoi mbliana agus ceithre scór. Chaith sí tamall ag teagasc in Scoil Mhíobhuí agus í ina múinteoir óg. Bhí mé ag caint le cuid de na scolairí



a bhí faoina cúram san am sin agus is mór an meas a bhí acu uirthi. Bhí suim mhór aici i stair an cheantair agus í iontach eolach ar ainmneacha na mbláthanna fíane agus ar achan rud a bhain leis an dúlra. Bhí stór mór de sheanfhocla aici a d'fhoghlaim sí ar scoil. Is mór an chailliúint dúinn uilig a bás.



*Annie Bhrianaí ag teacht le chéile Scoil Mhiobhaigh, 2006*

Ba sa teach céanna seo a raibh cónaí ar Phaidí Bhrianaí, a bhean Sus Ní Dhochartaigh, agus Micheál, Nóirín agus Brian. Báitheadh Micheál amach ó Cheann Mhálainne ar Lá Fhéile Naomh Colmcille, an 9ú lá de Mheitheamh 1987. Is faire gan chorp a bhí againn dó mar nach bhfuarthas a chorp ariamh. Beidh a cuid féin ag an fharraige is dóiche. Tá Nóirín i mBaile na Deora i



*Neil Cullen agus Paidí Bhrianaí*

rith an ama agus tá Brian ina chónaí in Inbhear Náille.



*Sean agus Óg*

*Maire Thuathail Stiofáin agus Orla Goulding Lá Nollag, 2005.*

Sin agaibh anois turas agus tuairisc ar Bhaile na Deora. Is iomaí deor a sileadh agus gáire a rinneadh ar an bhaile chéanna.

*Leanfaidh muid an lóchrann  
A las ár sinsear romhainn,  
Is ní heagal linn go bhfeodhfaidh  
A gcró 'nár ndiaidh.*

Buíochas do Phaidí Mac Aoidh, Mhicheál Ó Dochartaigh, Brian Mac Lochlainn, Cormac Goulding agus Annie Bhrianaí (RIP) a chuidigh liom an giota seo a chur le chéile. Maireann an scéal ach ní mhaireann an scéalaí.

Ó tosaíodh ar an scéal seo a scríobh tá triúr acu imithe ar shlí na firinne, Annie Bhrianaí, Fanny Bheag agus Maire Thuathail. Leaba i measc na naomh go raibh acu.

*Nóirín Goulding.*



*Micheál, Bernard, Nóirín agus Paidí Bhrianaí*

Tabhair faoi deara gur ar dhréimire atá an curach 'na shuí.





Ag ceiliúradh Oíche Shamhna i Naíonra Dhuibhlinn Riabhach.

*Aitheantas san Astráil do Liachleachtóir (G.P.)  
de Bhunadh Charraig Airt.*

Tá bean de bhunadh Charraig Airt i ndiaidh bheith ainmnithe mar Liachleachtóir na Bliana san Astráil. Bronnadh duais "Liachleachtóir na Bliana 2008" de chuid Choláiste Ríoga Liachleachtóirí na hAstráile ar an Dochtúir Christine Ní Bhuidhe, atá ag cleachtadh mar Liachleachtóir ag Ionad Leighis Augusta Road, in Hobart, An Tasmáin.



Is iníon í le hÁine agus Columba Ó Buaidhe, Carraig Airt. Tá an Dr. Ní Bhuidhe ina cónaí le tamall de bhlianta anuas in Hobart, An Tasmáin agus í ag cleachtadh ansin mar dhochtúir teaghlaigh. Agus í ag fás aníos i gCarraig Airt, d'fhreastal sí ar Scoil Dhuibhlinn

Riabhach go dtí 1975 agus ina dhiaidh sin ar Chlochar Loreto, Baile na nGallóglach go dtí 1980. Bhain sí amach céim leighis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1987.

**Cúpla Seanfhocail**

*Más fada an lá, tiocfaidh an coineascar.*

\*\*\*

*Is minic a bhaineas duine slat a sciúras é féin.*

\*\*\*

*Is minic cuma aingeal ar an diabhal féin.*

\*\*\*

*Na trí cairde is fearr agus na trí naimhde is measa :  
uisce, gaoth agus tine.*

\*\*\*

Tá an duais seo ann le haitheantas a thabhairt do dhochtúir teaghlaigh a léiríonn ina ghairm laethúil: tuigbheáil ar leith agus ceangal dlúth leis an bhrainte seo den leigheas, freastal agus seirbhís cuimsitheach ar a bpobal agus iad páirteach go leanúnach i gcúrsaí traenála agus forbartha profisiúnta. Tá an Dr. Ní Bhuidhe gaibhte fosta le teagasc ag leibhéal fochéime sa Scoil Leighis d'Ollscoil na Tasmáine agus tá meas mór ag a cuid scoláirí uirthi agus í ina dea-shampla acu uilig. Is fada an lá í ag obair le treoirínite a fhorbairt do dhochtúirí teaghlaigh agus tá a cuid moltaí in úsáid go leitheadach ag a comhghleacaithe áitiúla. Cuid suntasach dá cuid oibre is ea an obair a rinne sí le daoine atá i mbaol, leis na bochta, le daoine gan dídean agus le daoine a bhfuil meabhairghalar ag cur as díofa. Aithnítear a cumas cruthaitheach sna dóigheanna agus sna modhanna a úsáideann sí le cúram a sholáthair do na hothair seo.

Bronnadh scoláireacht taistil de \$5,000 ar Christine i gcathair Melbourne ar na mallaibh.

Is misniúil an bhean óg í agus déanann muid comhghairdeas ó chroí léi agus ádh mór uirthi sa tsaol atá amach roimpi.

*Caitlín Uí Mhaoileoin*



## Pléaráca ar an Ghleann Ard

Seo scéal breá atá bunaithe ar Ros Goill sna triochaidí agus ina bhfuil grá, uisce faoi thalamh, talamh agus fealladh. Níl Séarlaí ag iarraidh a iníon bhreá, Fanny, a ligean ar shiúl le Sammy, fear nach bhfuil leathphingin aige. Tá a shúil ag Séarlaí ar níos mó ná sin dí. Ach smaoiníonn Sammy ar phlean.

'S é seo scannán atá scríofa ag Proinsias Mac Giolla Bhríde le cuidiú ó Davina Nic Nuadht agus Máiread Mhic Thaighd (Meitheal Mhíobhaigh), le haisteoirí áitiúla, den chuid is mó ó Thionscnamh na bhFear agus ó Mhná Mhíobhaigh. Tá an tionscadal maoinithe ag an Ionad Cultúir Réigiúnach (Leitir Ceanainn) agus An Néarlár (Doire) faoin tionscnamh "Learning from the Past". Bhí Seán Mac Giolla Chomhaill i mbun léiriúcháin le cúnamh ó Davina Nic Nuadht, Proinsias Mac Giolla Bhríde, Máiread Ní Ruanaidh agus Máiread Mhic Thaighd.

Beidh an scannán seo le feiceáil ag bunadh na háite anseo sa bhaile, Déardaoin, an 18 Nollaig in Áras Ros Goill ag a 8 a chlog.



*Gáinne ó Chluain tSaileach sa tSean-am.*



# Loḡainmneacha Thun Thabhbhain



*Cnoc na Sleá*




*Cnoc na gCinn*



*Ál na Dúailte*

1	Ailt a' Chaorthainn	15	An Pháirc	29	Ceann Pota	43	Leac na gCuraí
2	Ál na Dúailte	16	An Pháirc Íochtarach	30	Cláí Geall	44	Léana na Binne Buí
3	Alt Dhiarmaid	17	Ard na hAltóra	31	Cnoc an Chaisil	45	Léana Ard.
4	An Bun	18	Bá an Lag Garbh	32	Cnoc Bán	46	Machaire Chuilinn
5	An Carnán	19	Bá Dhun Dúbhain	33	Cnoc Den Óig	47	Malaigh Bhinn an Rí
6	An Chros Mhór	20	Bá Íochtair	34	Cnoc na gCinn	48	Pointe na mBachta
7	An Cnoc Glas	21	Bá Shéamais	35	Cnoc na Rosán	49	Pointe Shéamais
8	An Cnoc Maol	22	Bá Thomáis	36	Cnoc na Sleá	50	Poll a' Ghriana
9	An Dumhaigh	23	Bearna na Gaoithe	37	Cnoc Sheáin Óig	51	Poll na bPortán
10	An Garraí Mhaolaí	24	Binn na gColmán	38	Fál Garbh	52	Poll na Gliomaigh
11	An Garraí Mór	25	Bun an Iníir	39	Garraí Bhaoil	53	Scoilt an Uisce
12	An H	26	Bun an Mhalaigh	40	Kitchen Midden	54	Tobar a Chaisil
13	An Lag Fliuch	27	Carraig na Breac	41	Lag a Ghearráin	55	Trá na Rosán
14	An Léana Bhuí	28	Ceann na Rosán	42	Leaba Dhiarmaid	56	Trá na Suathain
					agus Ghráinne		





Key  
 0 Spring Rock  
 II

D U N M O Y N E  
 664 0 12

## Bás

“Níl luibh nó leigheas in aghaidh an bhás”.  
Tá sé i ndán dúinn uilig.



Tiocfaidh an bás ar cuaird chugat,  
Leathuair bheag roimh lá,  
Bainfidh sé cuntas cruaidh díot,  
Gach cluan dár bhuail tú ar mhná.  
Beidh tú i rúimín uaigneach,  
Beidh braithlín bhán anuas ort,  
Ba bhreá í an áithrí an uair úd,  
Dá mbeadh d'uain agat í d'fháil!  
Tá an bás i Ríocht an tSaoil seo.  
Ná tabhair an leabhar san éitheach.  
Tá an bás in ár gcionn go léir,  
Agus éagfaimídne fós!

Sa tseanam níor creideadh gurb é an bás deir-  
eadh an duine. Chreid na daoine go raibh siad  
ag déanamh aistear ó staid amháin go dtí staid  
eile. Dhéanfaidh mé cur síos anois ar an  
chóras a bhí ag pobail Ros Goill nuair a fuair  
duine bás, caidé mar a bhí ó thaobh faire de  
agus ó sin go dtí an aistear deireanach síos go  
dtí Sean-Reilig Mhíobhaigh.

Bhí bochtanas i Ros Goill, agus leoga ar fud  
na tíre sa 19ú aois. Bhí na daoine cloíte agus  
cráite ag an drochshaol. Rinne an tUramach  
Valentine Pole, ministir na Machaire cur síos  
ar chomh holc agus a bhí an scéal ag muintir  
na Rosann sa bhliain 1847;

*“Tenants of an absentee, and neglected by  
those that are living in luxury from the rents  
collected from these wretched people, their  
patience is beyond belief. They everyday see  
some relative or some member of their family  
suddenly taken from them, they follow him to  
the grave, and return without saying a harsh  
word against landlord, agent or anybody  
else.” (Uí Chnámhsí, 1997, lth.113)*

Cé go bhfuil seo scríofa faoi mhuintir na Ro-  
sann is cinnte go raibh an scéal mar a gcé-  
anna i Ros Goill. Thart fá am an ghorta ‘sé  
an meán-aois a bhí ag daoine na daichead  
agus a cúig. Is cinnte go raibh Sean-Reilig  
Mhíobhaigh gnóthach ag an am seo agus ar  
feadh blianta fada ina dhiaidh sin.

Nuair a chluinfeá daoine ag rá ‘tá seileog a’  
bháis aige/aici’ agus gliogarnach sa scead-  
amán ag an té a bhí ar leaba na bháis, bhí a  
fhios agat nach raibh  
mórán ama fágtha ag an  
duine bocht sin. Dá  
mbeadh an duine  
creathnach íseal rachadh  
siad ar a nglúine agus  
déarfadh siad an paidrín.



Corruair chuirfeadh siad coinneal  
bheannaithe i lámh an othair. Ní raibh an  
sagart nó an dochtúir le fáil chomh furasta  
sin sa tseanam.

Dhruidfeadh duine éigin na súile lena ordóg  
agus ní rachadh duine ar bith os comhair an  
choirp ar feadh b’fhéidir dhá uair a chloig go  
dtí go bhfuaródh an marbhán. Bhí an gnás  
seo ann le suaimhneas agus le am dínite a  
thabhairt don té a fuair bás. D’osclófaí na  
fuinneoga, chuirfí amach an cat, chlúdófaí na  
fuinneoga agus na scátháin agus chuirfí stop  
leis na clog. Ansin chuirfí tábla beag sa  
tseomra agus éadach bán air agus bheadh  
dhá choinneal  
Mhuire lasta air.  
Bheadh pictiúr ár  
Slánaitheora nó  
cros ina shuí i lár  
báire. Bheadh na  
coinneal lasta i rith  
na hoíche. Lasfaí  
rudaí úra de réir  
mar bhí siad de  
dhíth.



D’ullmhódh muintir an tí nó cúpla duine de  
na comharsana a mbeadh rud beag eolais  
acu, d’ullmhódh siad gach sórt!. Go minic



sula dtosódh siad bheadh gloine uisce beatha ar an jab. Blianta ó shin d'úsáid siad marbhfháisc leis an bhéal a choinneáil druidte. 'Sé a bhí i gceist anseo ná go raibh giota bréidín nó éadach gearrtha amach agus ceangailte thart ar cheann an duine a bhí marbh. Dhéanann siad é a fhuáil sa lá atá inniu ann. Nití an corp agus chuirtí a gcuid éadaí Domhnaigh orthu nó an t-éadach ab fhearr a bhí acu.



Deirtí go raibh daoine ann nach raibh 'collar agus tie' orthu riamh go ndeachaigh siad sa chónra. Shilféa go raibh siad ag dul go Meiriceá! Chuirfí Coróin Mhuire idir a méara. Bhíodh an corp leagtha amach sa seomra leapa nó sa seomra

a ba mhó a bhí sa teach agus bhíodh sé ina luí ansin go dtí go bhfaightí an chónra. Ní raibh traidisiún na gcaointeoirí againn sa taobh seo tire, áit a ndéantaí cuid mhór mairgní agus caoineadh os cionn na marbh.

Ag an am sin b'éigean siúl go Carraig Airt faoi choinne an chónra. Théadh siad fá na coinne i ndiaidh na hoíche nuair a bhíodh sé dorcha. Bhí John Thuathail Dhonnchaidh agus Micí Diver ag déanamh na gcónraí ag an am agus ní dheirtí "Bail ó Dhia ar an obair" leo! Ba d'adhmaid a bhí an chónra déanta agus bhíodh pláta beag air a mbíodh ainm agus aois an mhairbh scríofa air. Ceapadh ceathrar de na comharsana le dhul agus í a iompar 'na bhaile. Is iomaí scéal atá sa cheantar seo faoi an turas 'na bhaile leis an chónra. Seo an eireaball de cheann de na scéalta sin. Bhí ceathrar ón bhaile ag teacht oíche amháin agus cónra leofa. Mhóthaigh siad duine inteacht ag teacht agus d'fhág siad an chónra síos ar thaobh an bhealaigh mhóir agus chuaigh i bhfolach. Nuair a tháinig an fear bocht fhad leis an chónra, fuair sé scanradh millteanach.



Bhain sé na bonnaí as agus char stad sé go dtí gur shroich sé an teach.

De ghnáth, rachadh an corp isteach sa chónra an chéad oíche i ndiaidh di theacht anuas ó Charraig Airt.

## Faire

Níor ghlac sé i bhfad scéal an bháis a scaipeadh agus bheadh achan duine fán bhaile ag caint faoi. Bhí ar mhuintir an tí na hullmhúcháin a dhéanamh don fhaire ansin. 'Sé nós an-seanda ar fud an domhain is ea faire. Bhí an nós seo cleachtaithe in a lán tíortha ar fud na hEorpa le míle bliain anuas, ach tá sé marbh mar nós sa Mhór Roinn anois. Tá muid ag leanúint ar aghaidh leis sna ceantracha amuigh faoin tuath in Éirinn go fóill agus níl iomrá ar bith go bhfuil an traidisiún seo ag fáil bháis in mo cheantar féin ar aon nós. 'Sé an fáth a mbíonn faire ann ná go mbíonn daoine ag iarraidh ómós a thabhairt don té atá marbh agus lena gcomhbhrón a dhéanamh le muintir an tí.

Dé ghnáth mhair an fhaire dhá oíche. Dá mbeadh duine de mhuintir an mharbháin ar shiúl as baile agus scéala uaidh go raibh sé ag teacht abhaile, choinneofaí an corp trí lá. Bheadh faire fhada ann. Ba ghnáth le daoine theacht agus shuífeadh siad cúpla uair a chlog. Níl sé mar an gcéanna níos mó.

Bhí sé ina ghnás ag an am sin go dtabharfadh an té a rachadh 'na faire 'airgead faire' do mhuintir an tí. Thugadh siad leath-scilling nó leathchoróin dóibh. Chuideodh an t-airgead seo le costas na cónra agus costais báis eile a ghlanadh. Ba ghnáth le daoine eile tae agus siúcra agus rudaí mar sin a thabhairt ach bhí níos mó measa ar an airgead. Dhéantaí comhbhrón le muintir an tí agus rachfaí ar ghlúine agus déarfaí paidir thíos ag taobh an choirp. Chuirtí lámh ar lámha nó ar chlár an éadan an choirp ansin.

Bheadh an tábla leagtha amach don té i seomra eile agus shuífí síos agus d'íosfaí greim maith bia, sin nuair a bheadh spás ag an tábla. Bhíodh cíocras ar dhaoine don bhia

agus bhíodh siad ag feitheamh go foighneach le scairt a fháil fá choinne an tae mar go bhfaighfí arán agus “jam dearg”, mar a thugtaí air, agus bhí sin ina rud mór san am sin. Nuair a chloisfeadh daoine go raibh duine éigin ag fáil bháis chloisfí iad ag rá “Gheobhaidh muid an ‘jam’ air”. Bhíodh snaoisín agus píopaí créafóige ag dhul thart fosta.

Deirtí an paidrín ag meán oíche. Ní raibh



ceol, cluichí nó cleasaíocht ag dul ar aghaidh ag fairí sa tseanam sa cheantar seo mar a bhí in áiteanna eile sa tír, ach, mar a dúirt fear amháin liom “dá mba seandúine a bhí marbh bheadh sé mar a bheadh bhainis ann”. Faire uaigneach a bheadh ann dá mba dhuine óg nó páiste a bhí i gceist. Dá mba rud é gur faire gan chorp a bhí i gceist sa chás mar shampla, gur bádh duine agus nach bhfuarthas an corp, rachadh daoine chun an tí le comhbhrón a dhéanamh le muintir an tí.

Ag faire sa tseanam shuífeadh thart fá chúig nó sé chloigne go maidin. Shuífeadh siad istigh sa chistin agus rachadh siad isteach agus amach leis an chorp a fheiceáil i rith na hoíche ar eagla gur bhog sé!

Cuireadh an clár ar an chónra maidin an tórraimh agus is lá brónach a bhí ann do mhuintir an tí an lá céanna.

Bhí cineál de fhaire eile sa cheantar seo sula n-imeodh daoine go Meiriceá blianta fada ó shin. Bhí oíche mhór sa teach acu. Duine ar bith atá meánaosta anois chuala siad scéalta faoin ‘Convoy’, mar gur seo an t-ainm a tugadh ar oíche den t-sórt seo. Go minic nuair a rachadh scéalta amach go raibh ‘Convoy’ in áit éigin, thioctadh scaifte as achan chearn. Tugadh an ‘American Wake’ air fosta de thairbhe go raibh tuismitheoirí ag fágáil slán ag mic agus iníonacha agus go mb’fhéidir nach bhfeicfeadh siad go brách arís iad. Cé go

mbeadh neart le h-ithe, neart poitín le h-ól, cuid mhór craic agus ceol agus damhsa ann ba oíche í a bhí truacánta agus lán de bhrón do theaghlach an té a bhí ag imeacht. Ba é an t-aon rud a mhaolaigh ualach an bhróin ná go ndéanfadh imirce iad a shábháil ó shaol díomhaoin nó an sclábhaíocht ar bheagán.

Dá dtarlódh sé go bhfaigheadh duine de bhunadh na háite bás agus iad i Meiriceá, Albain nó Sasana, ní thioctadh an corp ‘na bhaile de ghnáth. Sa chás seo thioctadh daoine chun an tí le comhbhrón a dhéanamh le muintir an tí agus deirtí an paidrín ag meán oíche sa teach. Tá leachtanna thíos sa tseanreilig le hainmneacha daoine a cuireadh i dtíortha coimhthíocha. Cuireadh a n-ainmneacha ar leac an teaghlach anseo in ómós don té a fuair bás.

*Déanfar cur síos ar an torramh sa chéad eagrán eile.*

*Fiona Pasoma*

### *Fear Macánta*

*Thug rí cuairt uair amháin ar phríosún a bhí ina ríocht. Nuair a bhain sé an príosún amach, cuireadh na príosúnaigh uilig ina seasamh i line os a chomhair ar fhaiche na hacláíochta. Chuaigh an rí thart orthu. Chuir sé ceist orthu ina nduine is ina nduine cad é bhí déanta as bealach acu. Ní raibh oiread agus príosúnach amháin a raibh rud ar bith as bealach déanta aige, má b’fhíor! Bhí said uilig cinnte de nár cheart dóibh bheith sa phríosún ar chor ar bith.*

*Sin mar bhí an scéal go dtí gur tháinig an rí a fhad leis an phríosúnach deireanach sa line. D’fhiafraigh an rí de cad é bhí déanta as bealach aige, agus arsa an príosúnach leis:*

*“Rinne mise coir uafásach, a Rí, in aghaidh Dé agus in aghaidh dhlí na tíre. Go maithe Dia dom í!” D’amharc an rí ar na príosúnaigh eile ar feadh tamaill agus ansin thiontaigh sé chuig an fhear dheireanach arís. “A dhuine,” arsa an rí leis, “ní ceart do do leithéidse a bheith í measc na ndaoine macánta seo. Amach as seo leat chomh tiubh géar agus thig leat!”*

*Scaoileadh an príosúnach saor. Tháinig bród ar na príosúnaigh eile ar dtús, ach ba ghairid gur thuig siad an cleas a d’imir an rí orthu.*

*Is í an fhirinne a bhuafaidh.*



## Feadaímó

Bhí Feadaímó ar an bhealach i dtreo an Ghlean-na agus é ag tarraingt ar theach Mhicheáil Uí Dhubhaigh. Cha raibh idé de shórt ar bith aige cén leithscéal a thabharfadh sé don chuairt seo, ach go díreach go mbeadh Gráinne ansin. Bhí a athair, Paidí ag dul i dtreo theach Feardaí Ghracie Bháin agus fios a ghnó go hiomlán aige.

Shuigh Feadaímó ar an droichead sa Ghleann ag amharc anonn ar theach Mhicheáil agus é ag déanamh iarracht freagra ar cheist a chuirfí air a chumadh ina intinn. Tráthnóna breá samhraidh a bhí ann agus bhí an ghrian ag tarraingt ar an fharráige amuigh siar ó oileán Thoraigh. Bhí an toit ó na tithe ag dul suas díreach mar ní raibh oiread is smid gaoithe ann agus bhí na míoltóga ag dul ar mire thart ar chloigeann Fheadaímó. Cha dtug Feadaímó aird ar bith orthu mar bhí i bhfad níos mó ná greamanna míoltóg ar a intinn. Cad é a bhí sé ag dul a rá le Micheál? Ní raibh lá iomlán thart go fóill ó bhí sé ar cuairt roimhe agus ghlacfadh leithscéal de shórt éigin a bheith aige. Cha dtiocfadh leis a rá gur abhus le Gráinne a fheiceáil a bhí sé. Cinnte, chan rud iontach ar bith a bhí ann do dhaoine cuairt a thabhairt ar tithe eile. Shiúladh comharsana isteach i dtithe achan tráthnóna agus cha bheadh ceist ar bith curtha orthu, ach, cha deachaigh daoine ocht míle chun airneáil.

Chonaic Feadaímó beirt fhear agus asal leo ag teacht anuas an bealach ina threo agus ba é an chéad smaoineamh a tháinig isteach ina cheann ná léimeadh den droichead agus dul i bhfolach faoi, ach bhí sé rómhall le sin a dhéanamh. Dá mbeadh aithne ag na fir seo air cad é a bhí sé dul a rá? Dúirt sé paidir íseal leis féin nach bea fir as an íochtar a bhí iontu. Ba sin an phaidir nár freagraíodh. “Bhail, a Fheadaímó, siúl fada ón íochtar,” dúirt fear mór slinneánach agus d’aithin Feadaímó, Néill Dhoncha Mhóir. “Bhail a Néill,” arsa Feadaímó, “tá siúl breá fada romhatsa cibé sula mbeas tú i nDoire á’ Chosán.” Ba chuma le Feadaímó faoi Néill i ndáiríre mar ní fear é a bheadh ag iompar scéalta ach bhí an boc eile a bhí leis contúirteach. Jimmí Eoiní a tugadh air agus bhí sé pósta le deirfiúr de bhean Néill. Má bhí ráfla de shórt ar bith ag dul thart fá dhuine chuirfeadh an boc seo leis. “Áh, a Fheadaímó,” arsa Jimmí, “nach iontach an suí atá agat mall sa tráthnóna agus na míoltóga ina scamall thart ort. B’éigean dúinne an cnoc a fhágáil mar bhí ocraas go bráth ar na míoltóga thuas agus bhí sé socraíodh acu a suipéar a dhéanamh domh féin is do Néil anseo. Nach cruá cróga an fear thú a dtig leat an céasadh sin a fhulaingt.” Bhí an bheirt acu faoin am seo ag croitheadh a mbairéid san aer ach más mó a rinne siad sin más measa a bhí na míoltóga. Bhí ruball an asail ag súisteáil ó thaobh go taobh agus an dá chluas ar crith air.



Bhí a sháigh le déanamh ag Jimmí greim a choinneáil ar an adhastar. “M’anam le Dia,” arsa Jimmí, “tá seo thar an mheasaracht.” Bhuail Néil buille ar a mhúineál. Scrios Dé orthu, seo droch áit dóibh, a Fheadaímó, a dúirt sé. Goitse rachaidh muid píosa eile, gheobhaidh muid faoiseamh níos faide síos. Shiúl an bheirt acu trasna an droichid agus ní ag cur amú ama a bhí siad. Bhí fiche slat siúlta acu sula dtug siad faoi deara nach raibh Feadaímó leo.

Thiontaigh Néil agus scairt sé le Feadaímó, “an bhfuil eanglach i do chosa, a dhiúlaigh, nó an bhfuil achan rud idir an dá chluas agat ite ag na míoltóga? Ghlac sé achan unsa féinsmachta a bhí ag Feadaímó fanacht ina shuí mar a bhí sé. Bhí sé ag iarraidh a bhairéad a bhaint dó agus ionsaí a dhéanamh ar na diabhair míoltóga, ach cha dtabharfadh sé an sásamh sin don bheirt eile. Chuir sé a dhá lámh ina phócaí agus shuí sé ar nós cuma liom. “Arú, a Néill,” a dúirt sé, ní chuireann siad isteach nó amach ormsa agus tá mé ag feitheamh ar fhear a bhfuil coileáin a dhíol aige. Sheas an bheirt ag stánadh ar Fheadaímó agus ansin labhair Néil. “Más sin mar atá, a ghasúir, fágfaidh muid chugat é mar sin. Ádh mór.” Bhuail siad an bóthar arís agus miongháire ar a n-aghaidheanna. Scairt Jimmí leis gan briseadh a theacht ina choiscéim. “Caithfidh go bea coileáin iontacha iad, a Fheadaímó, bhéarfadh mé rása soir tráthnóna inteacht le do cheannsa a fheiceáil.” “Beidh fáilte romhat,” arsa Feadaímó agus é ar mire san am céanna. “Nach dtiocfadh leat scéal níos fearr ná sin a chumadh,” dúirt sé leis féin agus é ag coimhead na mboc ag dul síos. D’fhan sé go ndeachaigh siad thart coirnéal agus thosaigh sé ag déanamh slad ar na míoltóga lena bhairéad. “Damnú oraibh,” a dúirt sé, agus léim sé trasna an droichid. Chuaigh sé ar a dhá ghlúin le taobh an tsrutháin agus chuir sé a chloigeann faoin uisce chun faoiseamh a fháil. Bhí an t-uisce fuar, fáilteach agus d’fhan sé mar sin tamall a thumadh féin. D’éirigh sé an t-am seo agus chuala sé duine éigin ag labhairt leis. “A Fheadaímó, a chara, an ag déanamh iarracht tú féin a bhá atá tú. D’fhéach Feadaímó suas agus thit an croí as.

Bhí Micheál Ó Dubhaigh ina shuí ar bhalla an droichid agus a iníon Gráinne lena thaobh ag amharc anuas air. “Ar chaill tú rud éigin san abhainn,” a Fheadaímó, arsa Gráinne, agus a dá

súil lasta le greann. “Ó, a Dhia,” dúirt Feadaímó leis féin, “cad é a shílfidh siad dom, mé ar mo dhá ghlúin sa chlábar agus mo chuid gruaige báite.” Sheas sé agus rinne sé iarracht cuid den chlábar a ghlanadh de. “Bhí na míoltóga ag dul dom,” a dúirt sé, agus bhuaile sé buille ar chúl a mhúineál mar bhí siad ag dul dó arís. “Nach gcuireann siad isteach oraibhse ar chor ar bith? Bhí beirt as an íochtar ansin cúig bhomaite ó shin agus tá siad ar shiúl le rása agus asal leath-ite leo.”

“Tá stuif ag Gráinne a dhéanann sí as meascán de shú neantóg agus an t-uisce ó dhuileasc bhruite,” arsa Micheál. “Nuair atá tú i do chónaí in aice le portach tá a leithéid a dhíobháil. Cad chuige nach dtagann tú a fhad leis an teach linn agus bhéarfaidh sí braon duit?”

Ní raibh a dhath eile le rá agus chuaigh Feadaímó leo agus lúcháir air nach raibh aon leithscéal a dhíobháil. Bhí pota mór prátaí ar an tine agus bhain Gráinne an clár dó. Tá muid go díreach in am” a dúirt sí, “cúpla bomaite eile is bheadh siad ar shiúl tríd an phota.”

Thóg Micheál iad anuas ón chráin agus rinne sé iad a thaomadh amuigh ar an tsráid. Bhí tochas millteanach ar chloigeann Fheadaímó i ndiaidh na míoltóg agus cha raibh sé ábalta neamhaird a dhéanamh air. Thóg Gráinne buidéal amach as bosca sa chluíd agus thug do Fheadaímó é. “Cuir sin ort agus déan é a chuimilt isteach i gceart sula mbíonn do chraiceann uilig stróicthe díot.” Shuigh Feadaímó ar stól agus thosaigh sé ar féin leis an stuif.



Bhí sé dochreidte an faoiseamh a fuair sé. Stad an tochas ar an bpointe agus mhothaigh sé an teas ag imeacht óna chraiceann.”

M’anam le Dia, ach sin faoiseamh iontach, a Gráinne, shíl mé nach mbeinn i gceart arís i ndiaidh sin. Cad é a bhí sibh ag déanamh thall ar an droichead cibé? Is dóiche gur sin ceist a thiocthadh linne a chur ortsa fosta, a Fheadaímó, arsa Gráinne. Dhearg Feadaímó agus thug sé a aird go hiomlán don bhuidéal. Má thug sí faoi deara míchompord Fheadaímó níor lig Gráinne uirthi. “Ach is é an rud a thug anonn muid na gur chuala mise an scairteadh thall. D’aithin mé do ghlór agus shíl mé gur istigh i lár racáin eile, cosúil leis an cheann inné, a bhí tú.” “A ghirsigh, achan uair a chluineas tú mo ghlórsa chan istigh i lár racáin a bheas me.” dúirt Feadaímó. “Nach tú atá tógálach tráthnóna?” arsa Gráinne. Bhail, a ghasúir, chas mé ort don dara uair inné agus ghoin tú leath de chuid fear an bhaile bhig seo.” Sheas Feadaímó, “is ormsa a rinneadh an ionsaí inné” a dúirt sé. “agus rud eile de...” ach sula bhfuair sé deis a thuilleadh a rá tháinig Micheál eatarthu. “An ndéanfaidh tú do shuipéar linn, a

Fheadaímó, caithfidh go bhfuil ocras ort agus tú chomh fada seo ón bhaile?” Shocraigh Feadaímó, bhí a fhios aige go raibh sé ag dul ar aghaidh mar a bheadh gasúr beag dímhúinte ann agus ní mar sin a bhíodh sé de ghnáth. Ina shaol go dtí seo bhíodh sé i gcónaí i gceannas. Ní raibh fear sa chontae a sheasfadh ina éadan. Bhí neart capaill ina chorp, agus bhí bua na cainte aige mar a thaispeáin sé ar an aonach i gCarraig Airt nuair a sheas sé in éadan na gceannaitheoirí agus dhíol sé an bhó le Micheál. Ach nuair a bhí sé i gcomhlúadar na girsí seo bhí sé mar a bheadh balbhán ann an chuid is mó den am agus chuidigh an chonspóid leis a chuid faitís a chlúdach an chuid eile.

“Gabh mo leithscéal, a Ghráinne,” dúirt sé, agus shuigh sé arís. “Caithfidh go bhfuil mo chiall ite ag na míoltóga chomh maith le m’aghaidh.” Níor dhúirt Gráinne a dhath leis ach shín sí babhla chuige ina raibh meall ime. Líon sí babhla eile an duine ansin le bainne géar, chuir sí pláta beag salainn ar an teallach agus shuigh an triúr acu thart ar an tine ansin agus iad ag baint an chraicinn de na prátaí lena méara agus a dtumadh san im. Bhí na prátaí mar a bheadh plúr ann agus shíl Feadaímó nár bhlas sé a leithéid ariamh.

“Cá bhfuair sibh an salainn?” a dúirt sé, go díreach le comhrá a dhéanamh. Bhail maise, arsa Micheál, bhí fear as an Chorrach thart inniu leis. Sílim féin go bhfuil sé chomh maith le salainn ar bith a bhlas mé ó tháinig muid na cheantar.” “Níl a dhath caill air.” arsa Feadaímó, “agus réitíonn sé go maith leis na prátaí seo.”

Bhí a fhios ag Feadaímó go raibh an comhrá seo suarach ach ní raibh sé de chumas aige é a stiúradh bealach ar bith eile agus Gráinne ina suí ag a thaobh. Bhain sé an craiceann de phráta eile agus é ag smaoineamh ar rud éigin le rá. Bhí sé imníoch fán saol a bhí roimhe. Thug a sheanmháthair le fios dó ar maidin go raibh a athair réidh le dul chuig Feardaí Ghracie Bhán chun cleamhnas a eagrú. Bhí a fhios ag Feadaímó go raibh an ceart sin ag a athair agus suas go dtí le gairid char chuir sé isteach nó amach ar Fheadaímó mar gurbh é an pósadh an chloch a ba lú a bhí ar a phaidrín. Ach ó casadh Gráinne leis bhí achan rud bun os cionn.

Cha raibh dóigh ar bith a dtiocthadh leis smaoineamh ar bhean ar bith eile. Chan amadán ar bith a bhí ann agus bhí a fhios aige go raibh sé ró-óg le pósadh ach bhí sé sásta, dá mba rud é go mbeadh ar fanacht cúpla bliain, sin a dhéanamh, a fhad is go bhfanfadh Gráinne air. Ach cad é faoina athair is faoina mháthair?

Cha ghlacfadh a athair le Gráinne mar nach raibh sí gaolta le muintir na háite agus cha ghlacfadh a mháthair léi mar go raibh Feadaímó ró-óg agus dar ndóigh mar go raibh sí féin ró-óg le bean eile a ligean isteach ‘na tí lei. Ní raibh ach dóigh amháin amach as, agus sin é go mbeadh air labhairt



le Gráinne. Tharraing sé anáil dhomhain agus thug sé aghaidh ar Ghráinne. “Tá mé ag iarraidh labhairt leat, a Ghráinne, agus bhail, is dóiche, eh, em...” Choinnigh sé ag dul ag stadaireacht mar sin agus an bheirt eile ag amharc air. Bhí meangadh gáire ar bhéal Gráinne ach níor chuidigh sí leis ar dhóigh ar bith. Thosaigh Micheál ag baint an chraicinn de phráta eile agus bhí Feadaímó fágtha leis féin agus gan é ábalta dhá fhocal chiallmhar a chur le chéile. D’éirigh Micheál agus chuir sé air a bhairéad. “Tá an bhó le bleán agamsa, ní bheidh mé i bhfad uilig. Beidh tú anseo nuair a thiocfaidh mé ar ais, a Fheadaímó? “Beidh,” dúirt Feadaímó. “Níl sé ach luath go fóill.” Thóg Micheál buicéad adhmaid ón tábla agus shiúl sé amach. “Bhail, a Fheadaímó, arsa Gráinne, níl leithscéal ar bith agat anois. Cibé cad é a bhí ar d’intinn, caith amach é.” Sheas Feadaímó, agus ansin shuigh sé arís. “A Ghráinne, tá seo creathnach deacair agamsa. Níl taithí de shórt ar bith agam ar an chineál seo cainte. Dar ndóigh, de ghnáth, cha bheadh mo leithéidse ag déanamh seo ar chor ar bith. Titeann an jab seo de ghnáth ar fhear an tí.” Sheas sé arís. “Is sé an rud atá mé ag rá leat, ná, em, b’fhéidir gur chóir dom labhairt le d’athair ar dtús.” D’fhan Gráinne ina suí. “A Fheadaímó,” dúirt sí, “labhair thusa anois sula dtagann m’athair isteach arís nó suí síos agus déan dearmaid de cibé a bhí ann.” Bhí a fhios ag Feadaímó nach bhfaigheadh sé deis mar seo arís. “A Ghráinne,” a dúirt sé, “caithfidh me seo a rá leat. Tá sé iontach tabhachtach.”

Thíos i nDún Dubháin tháinig Paidí Dhomhnail isteach thar an tairseach ina theach féin. Bhí Nuála ag maistreadh i lár an urláir agus Cití ina suí sa chluíid. D’amharc Nuála air, “ar labhair tú le Feardaí?”

“Labhair mé,” arsa Paidí. “Tá cailín deas roghnaithe againn agus tabharfaidh muid cuairt ar an teach sin tráthnóna amárach. Beidh Feadaímó linn.” Cé í? arsa Nuála.

Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.

## Coirnéal Thuathail

*Seo Proinnsí agus é ag aislingeacht arís. Deir sé go bhfuil an tír seo againn meata, rite agus cráite agus í istigh i lár ‘economic crisis’ faoi láthair. Cad chuige an bhfuil muid mar seo?*

*Is é an paradacsa inár n-am na go bhfuil tithe agus oifigi níos mó againn ach intinní iontach cúng againn. Caitheann muid níos mó airgid ach tá níos lú de againn. Tá tithe níos mó againn ach teaghlaigh níos lú. Tá na bóithre níos leithne ach níl muid ag fáil ansin a dhath níos gasta. Tá deifir mhór orainn agus beagán foighde. Tá cuid mhaith níos mó dioplómaí agus céimeanna againn ach níos lú céille. Tá muid ráscánta fá airgead ach is gairid nach mbionn. Tá leigheas ar níos mó galar ach níl muid níos sláintiúla. Ólann muid níos mó agus caitheann muid níos mó le beagán céille. Bíonn muid ag tiomáint ró-ghasta agus níl fail againn amharc ar a chéile leis an soc atá orainn le fáil ansin go tapaidh. Nínn muid níos lú gáire agus níl a fhios againn cad chuige. Suíonn muid rómhall agus éiríonn muid róthuirseach. Níl fail againn paidir a rá agus an bhfuil a fhios againn cad chuige?*

*Anois mar go bhfuil meathlú ann b’fhéidir go mbeidh fail againn dearcadh ar cá bhfuil muid ag dul.*

*Proinnsí Mac Giolla Bhríde*

### Tomhais

Bhí fear ag dul chun aonaigh is casadh air seachtar ban, seacht mála le gach bean, is seacht gcát i ngach mála.

Cé mhéad duine a bhí ag dul chun aonaigh?

\* \* \* \*

(uñhãã am eunp)

Tháinig sé gan mhothú, rugadh é gan craiceann agus fuair sé bás ag gabháil cheoil.

Caide a bhí ann?

\* \* \* \*

(uñoip)

Is deirge é ná an fhuil,  
Is duibhe é ná an fiach.

Caide atá ann?

(uñeããr duh)



# Oíche Shaelach



in

**Óstlann na Trá**  
Na Dúnaibh

**Agallamh Beirte**

le

*Seosaimhín Uí Bhuidhe*

&

*Seán Mac Giolla Bhríde*

**Dé hAoine**  
**28 Samhain, 2008**  
**8.00 i.n.**



**Scéal Dráma Páistí**

le

*Clann Pasoma*

**An File**

*Colette Ní Ghallchóir*

ag léamh a cuid dánta féin.

(Dhá chnuasach filíochta foilsithe aici)

**Ceoltóirí**

Doimnic Mac Giolla Bhríde (Buaiteoir Chomórtas na bhFear ag an Oireachtas, 2008), Seán Mac Corraidh, Róise Ní Chorraidh, Máire Ní Choilm, Miséal Nic Grianna, Lorraine Ní Dhuibheaná, Aodh Mac Ruaidhrí, Aingil Nic a' Bháird, Clann Uí Chuilinn agus Rosceoil.

**Damhsóirí**

*Clann Uí Shibleáin*

(a bhí páirteach sa seó "The Rising Step" le Carol Leavy Joyce & Micheál Ó Gallchóir)

**Dráma Grinn Leathuaire**

**"Sínthe"**

a chur i láthair ag

**Aisteoirí Mhíobhaigh**



**Deán teagmháil linn:**

Ceim Aniar Teoranta,

Áras Ros Goill,

Na Dúnaibh,

Tír Chonaill.

Fón: 074 9154830

Facs: 074 9154830

Ríomhphost:

ceimaniar@eircom.net

**Ranganna Ceoil**

Beith na ranganna uirlisí ceoil do na páistí atá páirteach sa Tionscnamh Pleanála Teanga as toiseacht Dé Máirt seo chugainn, 2 Nollaig in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh.

Beith na ranganna ar siúl ó 3.30 i.n. go dtí 5.30 i.n.

Táilí: €2 an rang.

**Tráth na gCeist**

Tá comórtas Thráth na gCeist a reáchtáil as Céim Aniar sna tiche tábhairne áitiúla ach an Dé Céadaoin arís i mbliana. Bíonn triúr ar ach an fhoireann agus beith páirte roimh foirne úra.

Beith an chéad bhábha eile i tTeach a'Chuid, Dé Céadaoin seo chugainn, 3 Nollaig.



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta**  
*Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs*



Foras na Gaeilge



**Údarás na Gaeltachta**